Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14114/25**

**STATIS 75**
**SOC 672**
**ENV 1036**
**ENER 533**
**EMPL 439**
**EDUC 387**
**ECOFIN 1361**
**DELACT 153**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6643 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.10.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg 8 mbliana a shonrú maidir le ‘eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre’ agus ‘tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair’ i bhfearann an lucht saothair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6643 final.

Faoi iamh: C(2025) 6643 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2025
C(2025) 6643 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.10.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg 8 mbliana a shonrú maidir le 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair' i bhfearann an lucht saothair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar leibhéal an duine aonair arna mbailiú ó shamplaí, cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg le haghaidh na dtacar sonraí éagsúil. De réir Airteagal 6(2), ní ceadmhach an líon athróg a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe a bheith níos mó ná 5 % os cionn an lín athróg a éilíonn an Coimisiún (Eurostat) cheana féin, ar bhonn sainordaitheach, le haghaidh gach fearainn tráth a tháinig Rialachán (AE) 2019/1700 i bhfeidhm.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700, bunaíodh tréimhsí bailithe sonraí le haghaidh fearann agus le haghaidh topaicí mionsonraithe gaolmhara ó 2021 go 2028.

Cumhdaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo líon agus teideal na n-athróg le haghaidh na dtacar sonraí i bhfearann an lucht saothair a bhaineann leis na topaicí mionsonraithe ‘eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre’ atá le bailiú in 2027 agus ‘tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair’ atá le bailiú in 2028.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí mar chuid d’ullmhú an ghnímh tharmligthe seo.

Chuaigh sé i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe saineolaithe chun an dréachtghníomh tarmligthe a phlé. Rinneadh an comhairliúchán ag cruinniú na Stiúrthóirí Eorpacha um Staidreamh Sóisialta an 10 Aibreán 2025. Chuathas i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Saineolaithe, ‘Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh’.

Choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon ar an eolas maidir leis na comhairliúcháin freisin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe seo líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana a ghlacadh maidir le ‘eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre’ atá le bailiú in 2027 agus ‘tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair’ atá le bailiú in 2028.

I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/2240[1], i dtaca leis an líon athróg 8 mbliana atá le bailiú maidir le topaicí mionsonraithe i mbliain ar leith, níor cheart níos mó ná 11 a bheith ann i gcás ‘tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair’ agus níor cheart níos mó ná 10 a bheith ann i gcás ‘eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre’. I gcomhcheangal leis na hathróga ráithiúla, bliantúla agus débhliantúla in

1 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2240 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla chun faisnéis a tharchur agus lena sonraítear socruithe mionsonraithe agus inneachar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le suirbhé samplach a eagrú i bhfearann an lucht saothair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 30.12.2019, lch. 59)

Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2240, níl an líon athróg atá le bailiú in 2027 agus 2028 níos mó ná 5 % os cionn an lín athróg a bailíodh le haghaidh fhearann an lucht saothair tráth a tháinig Rialachán (AE) 2019/1700 i bhfeidhm, agus dá bhrí sin comhlíontar an ceanglas in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.10.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg 8 mbliana a shonrú maidir le 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair' i bhfearann an lucht saothair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais a sainaithníodh sna topaicí mionsonraithe 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte eile a bhaineann leis an obair' i bhfearann an lucht saothair a chumhdach, is gá líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana a shonrú le haghaidh na dtacar sonraí maidir leis na topaicí mionsonraithe sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana le haghaidh na dtacar sonraí i bhfearann an lucht saothair maidir leis na topaicí mionsonraithe 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[2] IO L 266I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*